Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13259/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0134 (COD)**

**TRANS 411**
**ENV 937**
**FIN 1144**
**CODEC 1428**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>togra leasaithe le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Treoir 1999/62/CE, Treoir 1999/37/CE ón gComhairle agus Treoir (AE) 2019/520 a mhéid a bhaineann le haicme astaíochtaí CO2 feithiclí tromshaothair le leantóirí agus lena ndéantar forálacha áirithe a shoiléiriú agus a shimpliú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 589 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 589 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2025
COM(2025) 589 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**togra leasaithe le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 1999/62/CE, Treoir 1999/37/CE ón gComhairle agus Treoir (AE) 2019/520 a mhéid a bhaineann le haicme astaíochtaí CO2 feithiclí tromshaothair le leantóirí <u>agus lena ndéantar forálacha áirithe a shoiléiriú agus a shimpliú</u>**

GA GA

# IARSCRÍBHINN

‘IARSCRÍBHINN VIII

CRITÉIR AICMITHE UM LEANTÓIRÍ

Sonraítear san Iarscríbhinn seo na critéir athrúcháin ar dá réir a dhéanfar idirdhealú idir aicmí astaíochtaí $CO_2$ de chónaisc feithiclí i gcomhréir le hAirteagal 7gc.

<table>
<tr><th rowspan="2">Cineál na feithicle tarraingthe</th><th colspan="2">An cóimheas éifeachtúlachta</th><th rowspan="2">Aicme astaíochtaí $CO_2$ na mótarfheithicle i gcomhréir le hAirteagal 7ga gan éifeacht an leantóra a chur san áireamh</th><th rowspan="2">An aicme astaíochtaí $CO_2$ a shanntar do chónaisc feithiclí, agus éifeacht an leantóra á cur san áireamh</th><th rowspan="2">Aicme an leantóra</th></tr>
<tr><th>Ar lú ná</th><th>Nach lú ná</th></tr>
<tr><td rowspan="2">Leathleantóir</td><td rowspan="2">ST1</td><td rowspan="2">ST2</td><td>1</td><td>2</td><td rowspan="4">1</td></tr>
<tr><td>2</td><td>3</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Leantóir, seachas leathleantóir</td><td rowspan="2">T1</td><td rowspan="2">T2</td><td>1</td><td>2</td></tr>
<tr><td>2</td><td>3</td></tr>
<tr><td>Leathleantóir</td><td>ST2</td><td>ST3</td><td rowspan="2">1 nó 2</td><td rowspan="2">3</td><td rowspan="2">2</td></tr>
<tr><td>Leantóir, seachas leathleantóir</td><td>T2</td><td>T3</td></tr>
<tr><td>Leathleantóir</td><td>ST3</td><td>ST4</td><td rowspan="2">1, nó 2, nó 3</td><td rowspan="2">4</td><td rowspan="2">3</td></tr>
<tr><td>Leantóir, seachas leathleantóir</td><td>T3</td><td>T4</td></tr>
</table>

[1] Is é atá i gcóimheas éifeachtúlachta leantóra:

1) I gcás leantóirí neamh-thoirtdírithe, an cóimheas éifeachtúlachta – bunaithe ar thonna- chiliméadair, i gcás ina léirítear sin in áit 49.11.2 den deimhniú comhréireachta mar a shainítear san Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683[*1] ón gCoimisiún nó in áit 49.11.2 den deimhniú ar cheadú feithicle aonair a shainítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

2) I gcás leantóirí toirtdírithe, an cóimheas éifeachtúlachta – bunaithe ar m3- chiliméadair, i gcás ina léirítear sin in áit 49.11.3 den deimhniú comhréireachta feithiclí a shainítear san Fhoscríbhinn a

ghabhann le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún nó in áit 49.11.3 den deimhniú ar cheadú feithicle aonair a shainítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

Léirítear toirtdíriú na feithicle in áit 49.10 den deimhniú comhréireachta a shainítear san Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún nó in áit 49.10 den deimhniú ar cheadú feithicle aonair a shainítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

[*1] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2020 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais riaracháin maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu (IO L 163, 26.5.2020, lch. 1)

’